

Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann

do Threoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta maidir le hlompar Gnó Freagrach (RBC)

Cad iad Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta maidir le RBC?

Is sraith moltaí iad na Treoirlínte a bhfuil tacaíocht an rialtais acu maidir le RBC, a chlúdaíonn gach réimse de fhreagracht ghnó, lena n-áirítear dícheall cuí sa slabhra soláthair, nochtadh, cearta daonna, caidreamh fostaíochta agus tionsclaíoch, an comhshaol, frith-éilliú, leasanna tomhaltóirí, eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht, iomaíocht agus cánachas.

Na Treoirlínte:

- Prionsabail agus caighdeáin a sholáthar le haghaidh dea-chleachtas in RBC atá i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme agus le caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta
- Iarracht a dhéanamh ionchur dearfach ó fhiontair a chur chun cinn maidir le dul chun cinn eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta
- Níl siad ina cheangal dlí d'fhiontair ach tá sé de dhualgas ar thíortha comhlíontacha iad a chur i bhfeidhm
- A éileamh go mbunaíonn na rialtais a chloíonn leis na Treoirlínte Pointe Teagmhála Náisiúnta

Cad é Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann (NCP)?

Is é NCP na hÉireann an pointe teagmhála atá bunaithe ag Rialtas na hÉireann, a chloíonn le Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta le haghaidh RBC.

Caithfidh NCPanna oibriú i gcomhréir leis na critéir éifeachtachta lárnacha atá leagtha amach ag an ECFE: caithfidh siad a bheith infheicthe, inrochtana, trédhearcach, freagrach, cothrom agus neamhchlaonta, intuatha, agus comhoiriúnach leis na Treoirlínte.

Is ionann NCPanna agus córais chur chun feidhme na dTreoirlínte agus tá trí phríomhfheidhm acu:

- Cuireann siad glacadh na dTreoirlínte agus na Treorach Díchill Chúí gaolmhaire chun cinn agus tarraingíonn siad aird orthu
- Feidhmíonn siad mar shásra casaoide neamhbhreithiúnach i gcás neamh-chomhlíonadh líomhnaithe mholtaí na dTreoirlínte ag fiontair ilnáisiúnta (ar a dtugtar 'cásanna sonracha')
- Féadfaidh siad tacú le hiarrachtaí beartais a rialtais chun RBC a chur chun cinn

Cé atá in ann gearán a chur isteach chuig Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann?

Féadfaidh aon duine aonair nó eagraíocht a bhfuil leas dlísteanaigh acu san ábhar gearán a chur faoi bhráid Phointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann, i gcás ina líomhnaítear nár lean cuideachta ilnáisiúnta atá ag oibriú in Éirinn nó as Éirinn na Treoirlínte. Is féidir leo an fhoirm ghearáin a úsáid atá ar fáil [anseo](#).



Conas a dhéileálann Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann le gearáin go réalaíoch?

Leanann Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann ceithre chéim go ginearálta.

Is iad seo a leanas na céimeanna:

1

Measúnú Tosaigh

Déanann Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann measúnú ar an ngá atá le tuilleadh machnamh a dhéanamh ar na saincheisteanna a ardaíodh, agus glacann sé leis an ngearán nó foilsíonn sé ráiteas ina míníonn sé cén fáth nár ghlac sé leis.

2

Tacaíocht

Cuireann Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann a "chuidiú" ar fáil leis an aidhm an dá pháirtí a thabhairt le chéile chun na saincheisteanna a phlé agus chun cabhrú le teacht ar réiteach comhaontaithe. De ghnáth, áirítear le cuidiú rochtain ar idirghabháil chun bealach i dtreo réitigh a sholáthar do na páirtithe.

3

Conclúid

Foilsíonn Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann ráiteas maidir leis na saincheisteanna a ardaíodh sa ghearán, an tacaíocht a thairg Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann agus an toradh, a bhféadfadh moltaí a bheith san áireamh ann.

4

Obair Leantach

Déanfaidh Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann obair leantach ar chur i bhfeidhm an chomhaontaithe a thángthas air, agus/nó na moltaí a rinneadh.

Tá nósanna imeachta Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann maidir le déileáil le gearáin ar fáil [anseo](#).

Conas is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann?

Is aonad neamhspleách é Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann atá lonnaithe sa Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

Ríomhphost: oeclnncp@enterprise.gov.ie

Tel: +353 1 631 2121

Suíomh gréasáin: www.enterprise.gov.ie/oeclnncp



An Roinn Fiontar,
Turasóireachta agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Tourism and Employment